

Turas Tiomána Shliabh Fuait

Treoracha Tiomána

Stad	Treoracha
Túsphointe	Eaglais Naomh Maolmhaodhóg, Cathair Ard Mhacha
1 - Eaglais Lios na Daill	Ó gheataí na hEaglaise, tiontaigh ar chlé ar Shráid na nGael agus ar aghaidh go Bóthar an Chéide (A29). Glac an chéad tiontú ar chlé go dtí Bóthar Bhaile Úr (B31) agus lean an bóthar sin ar feadh 2.5 míle. Is é an chéad stad ná Eaglais Lios na Daill, atá ar thaobh na lámhe clé.
2 - Eaglais Naomh Pádraig, Baile Mhic an Aba / Lorg an Tairbh	Ó Eaglais Lios na Daille, lean ort ar Bhóthar Bhaile (B31) ar feadh 1.2 míle. Tiocfaidh tú ar Eaglais Naomh Pádraig, Baile Mhic an Aba, ar thaobh na lámhe clé.
3 - Seanreilig Bhaile Mhic an Aba	Ó Eaglais Naomh Pádraig agus Lorg an Tairbh, lean ort ar an B31 ar feadh 0.4 míle. Feicfidh tú teach tábhairne O'Toole's ar thaobh na lámhe deise agus is féidir páirceáil díreach trasna an bóthar uaidh. Ó sin, tiontaigh ar clé ag teacht amach ón charrchlós agus is siúlóid ghearr é ón charrchlós go dtí geataí na reilige, díreach os comhair estát tithíochta Ash View.
4 - Radharcphointe Charraig an tSeabhaic	Le radharcphointe Charraig an tSeabhaic a bhaint amach, lean ort ar an B31 ar fead 4.2 míle. Tiocfaidh tú ar chrosbhóthar agus beidh comhartha donn do Radharcphointe Charraig an tSeabhaic. Tiontaigh ar dheis anseo ar Viewpoint Road agus lean an bóthar seo ar feadh míle. Tiontaigh ar dheis arís áit a bhfuil comhartha donn eile (seo Viewpoint Road fosta). I ndiaidh 0.2 míle, tiontaigh ar dheis ar bhóthar gan ainm agus gabh suas an cnoc go dtí an radharcphointe.
5 - Coill Dhearclaí / Lóiste an tSléibhe	Agus tú ag fágail an radharcphointe, tiontaigh ar chlé ag bun an bhóthar go Viewpoint Road. Ag an acomhal, tiontaigh ar dheis. Tiontaigh ar dheis arís ag an chéad acomhal eile, amach ar bhóthar Céide-Baile Úr (A29). Lean an bothar seo ar feadh 2.3 míle agus ansin tiontaigh ar clé ar Bhóthar Lóiste an tSléibhe. Fan ar an bhóthar seo ar feadh 0.6 míle agus beidh Eaglais Lóiste an tSléibhe agus Coill Dhearclaí ar dheis. Tá carrchlós beag ag an choill.

6 - Uaigh an Fhathaigh / Uaigh an Rí	Ag imeacht ó Choill Dhearclaí, tiontaigh ar dheis agus lean ort ar Bhóthar Lóitse an tSléibhe ar feadh 0.1 míle. Glac an chéad tiontú ar dheis ar Bhóthar Dhearclaí Uachtarach agus lean an bóthar seo suas an cnoc ar feadh míle. Beidh an uaigh ar thaobh na lámhe clé agus tú ag dul síos an taobh eile den chnoc seo, díreach roimh theach feirme tréigthe.
7 - Loch Thulaigh na bhFód	Ag imeacht ó Uaigh an Fhathaigh, lean ort síos an cnoc go dtí T-acomhal. Tiontaigh ar dheis agus lean ort ar feadh míle amháin. Tiontaigh ar clé ag an crosbhóthar agus glac an chéad tiontú ar clé, áit a bhfuil teachín bhán. Lean an bóthar seo ar feadh 0.2 míle agus beidh Loch Thulaigh na bhFód ar clé.
8 - Sráidbhaile Mhuileann Dhearclaí	On leaving Tullynowood Lough car park, turn right. Continue to the next Ag imeacht ón loch, tiontaigh ar dheis. Lean ort go dtí an acomhal agus tiontaigh ar clé. Lean an bóthar seo ar feadh 0.6 míle. Tíocfaidh tú isteach ar shráidbhaile Dhearclaí agus beidh similéar an mhuileann ar dheis.
9 - Teach Uí Mhaolcholaim	Ón similéar tiomáin ar aghaidh fríd an sráidbhaile. Lean an bóthar beag tuaithe seo ar feadh 1.9 míle go dtí go dtagann tú ar thimpeallán ar imeall an Chéide. Glac an chéad tiontú agus lean ort ar feadh 0.1 míle. Tá sraith tithe ar thaobh na lámhe clé agus is é Teach Uí Mhaolcholaim an dara ceann ón deireadh. Uimhir 44 atá ann agus tá plaic bheag in aice leis an doras.
10 - Cearnóg an Chéide	Ó Theach Uí Mhaoilchoilm, lean ort i dtreo an Chéide ar Shráid an Droichid. Feicfidh tú Ionad Ealaíon Tommy Makem (TMAC) ar dheis. Is féidir páirceáil anseo do stad uimhir 10.
11 - Teach Mhic Airt	Imigh ó charrchlós an TMAC agus tiontaigh ar dheis ar Shráid an Droichid. Ag an acomhal, gabh trasna Sráid Chinéal Eoghain go Sráid an Mhargaidh agus tiontaigh ar dheis ar chúl an leac cuimhneacháingo dtí Rae na Madáin. Lean ort ar feadh 0.5 míle agus tiontaigh ar clé ag an T-acomhal amach ar Bhóthar Choillidh Chanannáin (B132). Is é Teach Mhic Airt an chéad teach ar clé.
12 - Reilig an Chéide	I ndiaidh Teach Mhic Airt, tiontaigh thart agus gabh ar ais i dtreo an Chéide ar Bhóthar Choillidh Chanannáin (B132) agus ansin Sráid an tSeipéil. Ar thaobh na lámhe deise tá Eaglais Naomh Pádraig, agus tá ár gcéad stad eile díreach trasna an bóthar.
13 - Seanreilig Tí Assaigh	Lean ort go dtí deireadh Shráid an tSeipéil agus tiontaigh ar clé ar Shráid Chinéal Eoghain. Glac an dara tiontú ar dheis agus ansin gabh ar chlé amach ar Bhóthar Tí Assaigh (B3). Lean an bóthar seo ar feadh 1.8 míle, tíocfaidh tú chuig droichead, tiontaigh ar clé anseo ar Bhóthar Dhún Droma, ag dul thar teach tábhairne Basil Sheils' ar dheis. Lean an bóthar

	seo ar feadh míle agus tá Seanreilig Tí Assaigh ar clé, le balla bán thart air.
14 - Tarbhealach Tí Assaigh	Lean ort ó Sheanreilig Tí Assaigh agus rachaidh tú díreach thíos faoi Tarbhealach Tí Assaigh. Is é seo ár stad deireanach.
Deireadh	I ndiaidh duit imeacht ó Tharbhealach Tí Assaigh, lean ort sa treo céanna. Ag an acomhal, is féidir leat tiontú ar chlé i dtreo an Chéide nó ar dheis i dtreo Cathair Ard Mhacha (A29).